Fuasgail mo cheasda, a Chalbhaigh

[Mac Cárthaigh, Eoin, 'Three poems by Maol Muire Ó hUiginn to An Calbhach Ruadh Ó Domhnaill', *Ériu* 48 (1997) 59-82, poem 2]

An Maol Muire céanna don Chalbhach réamhráite

1 Fuasgail mo cheasda, a Chalbhaigh,
go mbiam led dhlaoi ndonnamhlaigh
gan fháth n-oirbhire fam thuinn,
a bhláth coillbhile ó cConuill.

2 Ceasda do chuirios oraibh
im dhán, a dhraig shíodhamhail;
a ghég chnuasghlan nach measg mionn,
fuasgladh na cceasd ní chluiniom.

3 As iongnadh liom ód dhreich dhil
nach fuarus freagra éigin,
a chiabh na ccuach, a lámh lonn,
tre ghrádh nó tre fhuath orom.

4 Fiú na freagra, dámadh áil,
do chur uait, a chraobh chonáigh;
a rún nach cásmhar fa chradh,
rob sásmhar dhún a dhénamh.

5 Nó más neimhchion tug tusa
orm budh-éin, gér urusa,
ná déantar dimbríogh dom dhán,
a rinnghríobh éachtmhar Iomdhán.

6 Ná más fearg as fachain daoibh,
ná ceil orm-sa é, a mhacaoimh;
ní fáth cóir sírfheirge sinn,
a dhóigh dhíbheirge an díginn.

7 Dhaoibh-si ní damhna cogaidh
mo mheanma mhaoth anabaidh;
a n-iorghoil ní heólach sinn,
a bheófhlath ionmhuin fhoirtill.

8 Tuar cogaidh ar fhear mh'anma
nó fearg le fear m'ealadhna
ní dhligh neach gan édóigh ann
dá mbeath an égcóir agam.

9 Barr air nach éidir a rádh
go ndearnus damhna diombádh
ribh-si, a ghég ghlantairtheach Breagh,

nach féd antaithleach d’fheithiomh.

10 Gabh ailgheana uaim dot thaoibh,
gabh aobhdhacht uaim, a mhacaoimh;
a chnuasghloin chneasda gan oil,
fuasgail mo cheasda, a Chalbhaigh.

11 Guidhim Tomás naomhtha a-niodh
do thocht eadrom is imniodh
- cúl na ndual ccladhsholus ccorr,
gruadh gan amhorus orom.  FUASGAIL